



**General Certificate of Secondary Education
2022**

Irish

Unit 1: Listening

Foundation Tier

[GIH11]

FRIDAY 20 MAY, MORNING

TRANSCRIPT

Audio 'beep' to precede each question

Questions 1 – 8 insert 5 and 10 second pauses

Questions 9 – 12 insert 7 and 12 second pauses

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

Pause 5 minutes

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and follow the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 School life

Seán talks about his school.

- M* (a) Is mise Seán. Tá mé ar Scoil Naomh Pádraig. Tá míle scoláire ag freastal ar an scoil.

Pause 5 seconds and repeat

- M* (b) Tosaíonn an scoil ar deich i ndiaidh a naoi gach maidin.

Pause 5 seconds and repeat

- M* (c) Is maith liom an éide scoile. Tá dath liath ar an léine agus ar an gheansaí.

Pause 5 seconds and repeat

- M* (d) Déanaim a lán ábhar ar scoil. Is fearr liom Ealaín.

Pause 5 seconds and repeat

- M* (e) Ní maith liom an Déardaoin mar bíonn Mata agam ar an lá sin.

Pause 5 seconds and repeat

Pause 10 seconds

2 At home

Garaí talks about his bedroom.

- M*
- Is maith liom luí siar sa chathaoir uilleach mhór atá agam i mo sheomra agus imrím cluichí ar mo ríomhaire glúine.

Pause 5 seconds and repeat

- F*
- An ndéanann tú staidéar i do sheomra leapa?

- M*
- Tá deasc agam i mo sheomra ach ní dhéanaim staidéar.

Pause 5 seconds and repeat

Pause 10 seconds

3 Free time

Four friends talk about their hobbies.

F (a) A Sheáin, cad é a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?

M Is maith liom dul amach ag rith. Téim ag rith gach lá.

Pause 5 seconds and repeat

F (b) A Choilm, cad é a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?

M Is maith liom dul ag snámh. Téim chuig an linn snámha.

Pause 5 seconds and repeat

F (c) A Liam, cad é a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?

M Is maith liom iománaíocht a imirt. Imrím le mo chairde i ndiaidh na scoile.

Pause 5 seconds and repeat

F (d) A Gharaí, cad é a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?

M Is maith liom grianghraif a ghlacadh.

Pause 5 seconds and repeat

Pause 10 seconds

4 Daily routine

Four friends talk about what they take for break.

F (a) Is mise Bríd. Ithim úll gach lá.

Pause 5 seconds and repeat

M (b) Is mise Cian. Ithim arán agus im ag an tsos.

Pause 5 seconds and repeat

F (c) Is mise Fíona. Ceannaím milseáin sa tsiopa ar maidin agus ithim na milseáin ag an tsos.

Pause 5 seconds and repeat

M (d) Is mise Déaglán. Tugann mo mhamaí brioscáin phrátaí dom gach lá don tsos.

Pause 5 seconds and repeat

Pause 10 seconds

5 Customs

Liam talks to his mum about a special day.

- M* (a) Inniu an chéad lá Aibreán, Lá na nAmadán. Bhí an-chraic agam ar scoil.

Pause 5 seconds and repeat

- F* (b) Inis dom cad é a tharla, a Liam.

- M* Ag am lóin chuir Colm salann ar dhinnéar Líosa nuair nach raibh sí ag amharc.

Pause 5 seconds and repeat

- F* (c) Cad é a rinne Oisín?

- M* Chaith Oisín mo mhála scoile amach ar an fhuinneog.

Pause 5 seconds and repeat

- F* (d) Cad é a tharla ansin?

- M* Chonaic an príomhoide gach rud. Ní raibh sí sásta agus thosaigh sí ag scairteadh.

Pause 5 seconds and repeat

Pause 10 seconds

6 Celebrations

You hear people talking about their birthday presents.

- F* (a) Is mise Áine. Beidh mé ag dul chuig ceolchoirm. Fuair mé an ticéad do mo bhreithlá i mí Dheireadh Fómhair.

Pause 5 seconds and repeat

- F* (b) Is mise Caoimhe. Fuair mé buataisí nua. Beidh siad iontach praiticiúil dom sa gheimhreadh.

Pause 5 seconds and repeat

- F* (c) Is mise Ciara. Thug mo thuismitheoirí uaireadóir dom do mo bhreithlá. Is uaireadóir óir é.

Pause 5 seconds and repeat

- F* (d) Is mise Deirdre. Thug mo sheanmháthair sparán leathair dom do mo bhreithlá.

Pause 5 seconds and repeat

Pause 10 seconds

7 Shopping

You hear an advertisement on the radio.

- M* (a) Faigh gach rud atá de dhíth ort i siopa nua spóirt atá le hoscailt Dé Sathairn seo chugainn.

Pause 5 seconds and repeat

- M* (b) Tá an siopa nua suite in aice le teach pobail.

Pause 5 seconds and repeat

- M* (c) Beidh fáilte mhór roimh gach duine Dé Sathairn. Beidh comórtais agus cluichí ar siúl.

Pause 5 seconds and repeat

- M* (d) Tá earraí spóirt de gach sórt againn, mar shampla, stocaí spóirt, bróga peile, T-léinte agus liathróidí.

Pause 5 seconds and repeat

- M* (e) Tá carrchlós mór saor in aisce ar fáil do chustaiméirí.

Pause 5 seconds and repeat

Pause 10 seconds

8 Holidays

Pól talks about a trip to the Gaeltacht.

F (a) An ndeachaigh tú áit ar bith sa tsamhradh, a Phóil?

M Bhí mé ar chúrsa Gaeltachta i nDún na nGall. Bhí mo chairde scoile ar an chúrsa liom.

F Ar bhain tú sult as an chúrsa?

M Bhain, cinnte. Ar ndóigh, ní raibh mé ag súil go mór leis an turas bus mar bímse tinn agus mé ag taisteal ach bhí mé ceart go leor. Bhí fidil liom agus bhí mé féin agus buachaill eile ag seinm ceoil.

Pause 5 seconds and repeat

M (b) Nuair a bhain mé Dún na nGall amach bhí an ghrian ag soilsiú agus labhair an rúnaí linn. Fuair mé amach go raibh mé i dteach Róise.

M Bhí an teach galánta agus bhí an bia blasta ach an rud is fearr, bhí teach Róise díreach in aice leis an choláiste. Ní raibh orm éirí iontach luath ar maidin.

Pause 5 seconds and repeat

F (c) Ar thug do thuismitheoirí cuairt ort agus tú sa Ghaeltacht?

M Thug agus bhí áthas orm mar d'ordaigh mé húdaí Gaeltachta agus bhí fiche euro de dhíth orm le hóc as. Bhí siad sásta sin a thabhairt dom.

M D'fhoghlaim mé cuid mhaith Gaeilge agus a lán amhráin nua.

M Bhí a lán rudaí difriúla le déanamh gach oíche. Ní raibh mé riamh dubh dóite. Tá mé i ngrá le Gaeltacht Dhún na nGall anois.

Pause 5 seconds and repeat

Pause 10 seconds

9 An teaghlach

Tá Sophie ag cur síos ar a teaghlach.

- F* (a) Tá ceathrar i mo theaghlach – mo mhamaí, mo dhaidí, mo dheartháir agus mé féin. Tá madadh beag bán agam.

Pause 7 seconds and repeat

- F* (b) Tá mo sheanmháthair ina cónaí in aice linn. Bíonn mo thuismitheoirí ag obair gach Satharn agus gach Domhnach agus caithim an dá lá léi.

Pause 7 seconds and repeat

- F* (c) Is maith le mo sheanmháthair cócaireacht a dhéanamh sa teach agus cuidím léi.

Pause 7 seconds and repeat

- F* (d) Uaireanta cuireann mo sheanmháthair síos ar an tsaol a bhí aici nuair a bhí sí óg. Is maith liom a cuid scéalta a chloisteáil.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

10 Oíche Aoine

Ní bheidh cairde Liam ag dul amach oíche Dé hAoine. Cad chuige?

M (a) Liam anseo. An mbeidh tú ag dul amach oíche Dé hAoine, a Aoife?

F Ní bheidh mé. Níl mé go maith. Tá casacht orm.

Pause 7 seconds and repeat

M (b) Liam anseo. An mbeidh tú ag dul amach oíche Dé hAoine, a Niall?

M Ní bheidh mé. Beidh cluiche peile agam maidin Dé Sathairn agus beidh cleachtadh againn oíche Dé hAoine.

Pause 7 seconds and repeat

M (c) Liam anseo. An mbeidh tú ag dul amach oíche Dé hAoine, a Leona?

F Ba mhaith liom dul amach leat ach níl go leor airgid agam.

Pause 7 seconds and repeat

M (d) Liam anseo. An mbeidh tú ag dul amach oíche Dé hAoine, a Chiaráin?

M Ní bheidh mé. Cuirfidh mé tús leis an obair atá le déanamh agam do na scrúduithe.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

11 Féilte

Cluineann tú fógra raidió a chuireann síos ar fhéile áitiúil.

- F* (a) Mar chuid d'fhéile na bliana seo beidh cuid mhór imeachtaí éagsúla ar fáil do gach duine. Dé Luain beidh siúlóid sa cheantar.

Pause 7 seconds and repeat

- F* (b) Dé Máirt beidh tráth na gceist againn. Ceisteanna as Gaeilge.

Pause 7 seconds and repeat

- F* (c) An maith leat ficheall? Beidh comórtas fichille ar siúl Dé Céadaoin.

Pause 7 seconds and repeat

- F* (d) Déardaoin, beidh céilí na féile i halla an bhaile. Tosóidh an damhsa ar a naoi.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

12 An timpeallacht áitiúil

Tá Nóirín ag cur síos ar a ceantar.

M (a) A Nóirín, an maith leat do cheantar nua?

F Is maith. Tá an ceantar iontach ciúin. Rud eile fosta, ní fheiceann tú bruscar ina luí thart faoin áit.

Pause 7 seconds and repeat

M (b) An bhfuil aithne agat ar na daoine eile atá ina gcónaí sa bhaile?

F Tá. Tá na daoine uilig cairdiúil.

M Cén sórt tí atá agat?

F Tá teach mór agam. Níl rudaí daor san áit seo.

Pause 7 seconds and repeat

M (c) Cad é a dhéanann tú mar chaitheamh aimsire?

F Téim chuig an phictiúrlann go minic agus tá mé i mo bhall den chlub léitheoireachta sa bhaile.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

This is the end of the recording.